Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10446/19**

**ELARG 30**
**COWEB 86**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10337/1/19 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 260 final |
| Ábhar: | MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS – Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus maidir leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, a ghlac an Chomhairle ar an 18 Meitheamh 2019.

## AN CHOMHAIRLE GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ AGUS MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

1. Tugann an Chomhairle dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú agus na tuarascálacha maidir le Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv*.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle **a tiomantas maidir le méadú**, ar beartas lárnach de chuid an Aontais Eorpaigh i gcónaí é, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite maidir le méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach ar an 14 agus 15 Nollaig 2006 agus leis na conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Is infheistíocht straitéiseach i gcónaí é maidir le síocháin, daonlathas, rathúnas, slándáil agus cobhsaíocht na hEorpa. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur rogha é bunluachanna na hEorpa a ghlacadh agus cloí leo agus go bhfuil sin riachtanach i dtólamh do gach comhpháirtí atá ag tnúth le ballraíocht an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin, leanann an Chomhairle de bheith ag súil go nglacfaidh comhpháirtithe úinéireacht iomlán ar luachanna na hEorpa agus go gcloífidh siad leo agus le saothrú bríomhar na n-athchóirithe riachtanacha ar mhaithe le leas a muintire. Ag meabhrú di Clár Oibre Thessaloniki agus Dearbhú Shóifia, athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht gan staonadh an Aontais Eorpaigh maidir le peirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar. Tá an tAontas meáite ar a rannpháirtíocht a neartú agus a threisiú ar gach leibhéal chun tacú le haistriú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin, lena n-áirítear trí chúnamh leanúnach a thabhairt bunaithe ar an dul chun cinn nithiúil a dhéanfaidh na Balcáin Thiar maidir leis an smacht reachta, agus le hathchóirithe socheacnamaíocha. Is tír is iarrthóir í an Tuirc agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

3. I gcomhréir leis na Conclúidí a d'eisigh an Chomhairle roimhe seo agus faoi chuimsiú chritéir pholaitiúla Chóbanhávan agus an Phróisis Cobhsaíochta agus Comhlachais, arb é an creat coiteann i gcónaí é don chaidreamh leis na Balcáin Thiar, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór go mbeadh ann, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite maidir le méadú, **coinníollacht chothrom dhian** agus **prionsabal an fhiúntais féin**. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann forbairt an Aontais, lena n-áirítear acmhainn an Aontais comhaltaí nua a lánpháirtiú, a choinneáil ar bun agus a dhoimhniú.

4. Agus staid fhoriomlán na n-iarrachtaí atá á ndéanamh ag na comhpháirtithe faoi láthair maidir le hathchóiriú, arna thuairisciú ag an gCoimisiún, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá i gcónaí díriú ar **athchóirithe bunúsacha** chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh struchtúrtha leanúnacha i réimsí an smachta reachta, na gceart bunúsach, feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú an riaracháin phoiblí, agus i réimsí na forbartha eacnamaíche agus na hiomaíochta. Tá cuntas fónta teiste ó thaobh cur chun feidhme athchóirithe agus torthaí nithiúla sna réimsí ríthábhachtacha sin bunriachtanach i gcónaí, go háirithe maidir le luas foriomlán na caibidlíochta aontachais.

5. Meabhraíonn an Chomhairle gur luach bunúsach é **an smacht reachta** a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe air agus atá mar chroíchuid den Phróiseas um Méadú agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais. Toisc nach bhfuil dul chun cinn déanta sa réimse ríthábhachtach seo ach ag roinnt comhpháirtithe, is dúshlán mór i gcónaí é dul chun cinn inchreidte inbhuanaithe nach mór aghaidh a thabhairt air mar thosaíocht, go háirithe maidir le breithiúna neamhspleácha, neamhchlaonta, cuntasacha agus éifeachtúla a áirithiú agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe agus i gcoinne sciúradh airgid. Caithfear dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le **cearta bunúsacha** a chosaint freisin, lena n-áirítear cearta na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad, cur chun feidhme na ngealltanas a tugadh i dtaca le saor-fhéinaitheantas oibiachtúil, caitheamh go neamh-idirdhealaitheach le daoine ar cuid de mhionlach náisiúnta iad agus dul i ngleic le hidirdhealú grúpaí leochaileacha amhail Romaigh agus daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI). Is ceart an ceart chun maoine a áirithiú freisin. Tá an staid i ndáil leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán ag éirí níos tromchúisí, agus ní mór aghaidh a thabhairt uirthi ar bhealach diongbháilte éifeachtach mar thosaíocht. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór céimeanna práinneacha, nithiúla a ghlacadh chun imeaglú, bagairtí agus ionsaithe ar iriseoirí agus ar ghníomhaithe eile sna meáin a sheachaint, agus cásanna den chineál sin a réiteach nuair a tharlaíonn siad. Caithfear níos mó iarrachtaí a dhéanamh chomh maith chun an comhionannas inscne agus an urraim do chearta na mban agus cearta na leanaí a áirithiú. Is den bhunriachtanas é chomh maith go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir leis an **athchóiriú ar an riarachán poiblí**, lena n-áirítear dípholaitiú agus gairmiúlacht níos fearr, d'fhonn an rialachas a fheabhsú ar gach leibhéal. Tá **feidhmiú cuí agus neamhspleáchas na n-institiúidí daonlathacha**, lena n-áirítear maoirseacht pharlaiminteach níos fearr, ríthábhachtach i gcónaí. Tugann an Chomhairle dá haire agus is ábhar imní di an claonadh leanúnach atá ann parlaimintí a bhaghcatáil, agus athdhearbhaíonn sí gur gnéithe ríthábhachtach iad i gcónaí i ndaonlathas dea-fheidhmiúil plé polaitiúil cuimsitheach, go háirithe laistigh de pharlaimintí, agus ról níos láidre d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a áirithiú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá toghcháin atá saor, cothrom agus trédhearcach i gcomhréir le caighdeáin ESCE agus an gá atá le moltaí ESCE a chur chun feidhme ina n-iomláine.

6. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle agus tagann sí leis an anailís a rinne an Coimisiún ar an ngá atá ann feabhas a chur ar bheartais mhaicreacnamaíocha, bhuiséadacha agus struchtúracha. Ag tabhairt dá haire go bhfuil nasc idir an dul chun cinn a dhéantar sna réimsí sin agus an dul chun cinn ó thaobh an smachta reachta agus an chórais breithiúna de, spreagann an Chomhairle na comhpháirtithe uile na bearta a áirítear sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc den 17 Bealtaine 2019 a chur chun feidhme, bunaithe ar a gcuid Clár Athchóirithe Eacnamaíoch. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach mbaintear an bonn den inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch, chomhshaoil agus airgeadais le hinfheistíochtaí díreacha coigríche agus go ráthaítear trédhearcacht iomlán i ndáil leis na hinfheistíochtaí ar fad, go háirithe na cinn sin a bhaineann le nósanna imeachta um sholáthar poiblí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an riosca i ndáil le féichiúnas iomarcach agus, go háirithe sna Balcáin Thiar, ar rialú ar shócmhainní agus ar acmhainní straitéiseacha a aistriú. Dá réir sin, tá an Chomhairle ag súil go gcuirfear na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais chun feidhme ina n-iomláine, i bhfuarlitir agus i spiorad. Meabhraíonn an Chomhairle gurb é an tAontas i gcónaí an comhpháirtí trádála is mó atá ag na Balcáin Thiar agus an Tuirc ó thaobh allmhairithe agus onnmhairithe de araon. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le himirce daoine oilte agus deiseanna breise a chruthú agus dearcadh dearfach a áirithiú don **óige**. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an chomhdháil dar teideal *How to better respond to European aspirations of the young generation in Western Balkans?* [Conas is féidir freagairt do mhianta an aosa óig sna Balcáin Thiar i ndáil leis an Eoraip?] a tionóladh i mBúcairist i mí na Bealtaine 2019.

7. Is mór an díol sásaimh don Chomhairle **Comhaontú** stairiúil **Prespa**, beart nach beag, ina leagtar síos dea-eiseamláir don réigiún agus do bhólaí is faide i gcéin. Molann sí misneach agus diongbháilteacht na bpáirtithe a raibh lámh acu ann.

Is gnéithe riachtanacha de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad **an dea-chaidreamh comharsanachta** agus **an comhar réigiúnach**. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta agus athdhearbhaíonn sí an tábhacht a bhaineann leis an gcomhar réigiúnach, go háirithe le **nascacht** laistigh den réigiún agus leis an Aontas. Is díol sásaimh di chomh maith an Comhaontú maidir le Fánaíocht Réigiúnach a síníodh i mBéalgrád i mí Aibreáin 2019, rud a rachaidh go mór chun tairbhe na saoránach agus na ngnólachtaí sa réigiún. Tacaíonn an Chomhairle go hiomlán le tionscnaimh agus le struchtúir chuiditheacha lena ndéantar an comhar cuimsitheach réigiúnach a neartú, lena n-áirítear straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais. Iarrann an Chomhairle go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí chun na fadhbanna ar torthaí iad ón am a chuaigh thart a réiteach agus chun **an t-athmhuintearas** a chothú, bunaithe ar an gcaoinfhulaingt, ar an gcuimsitheacht agus ar an muinín atá ann, agus ar rannpháirteachas láidir ón tsochaí shibhialta. Ba cheart níos mó a dhéanamh maidir le daoine atá ar iarraidh. Ní mór ráitis agus gníomhaíochtaí a sheachaint a mbeadh drochthionchar acu ar an dea-chaidreamh comharsanachta agus ar an réiteach síochánta ar dhíospóidí. Tá bearta cinntitheacha agus diongbháilteacht pholaitiúil láidir fós ag teastáil chun a áirithiú go bpléifear le díospóidí déthaobhacha atá fós gan réiteach. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme, lena n-áirítear Comhaontú Prespa agus an Conradh um dhea-chaidreamh comharsanachta leis an mBulgáir.

Athdhearbhaíonn an Chomhairle i gcónaí a thábhachtaí atá sé cásanna de choireanna cogaidh intíre a láimhseáil go héifeachtach gan idirdhealú, aghaidh a thabhairt ar shaoirse ó phionós, agus cuntasacht a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhar ceart réigiúnach, lánchomhar agus tacaíocht leis an obair atá ar bun ag an Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla agus ag na Dlísheomraí Speisialaithe. Ní mór díospóidí agus saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus na prionsabail bhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú ar Shaincheisteanna Comharbais.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé comhar a dhoimhniú a thuilleadh maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus a bhfuil an t-Aontas ag súil leis maidir le hailíniú feabhsaithe le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, go háirithe i dtaobh saincheisteanna ina bhfuil comhleasanna móra i dtreis, amhail bearta sriantacha agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha. Rogha atá ann teacht isteach san Aontas, rogha a chuireann de cheangal na prionsabail, luachanna agus cuspóirí a bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas a chur chun cinn ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear ailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála a bhaint amach, agus staonadh ó aon ghníomhaíocht atá contrártha dó.

9. Agus an tábhacht a bhaineann le **léirscaoileadh víosaí** do shaoránaigh á haithint ach go háirithe ag an gComhairle, molann sí don Choimisiún leanúint leis an dlúth-fhaireachán agus leis an tuairisciú ar chur chun feidhme leanúnach na dtagarmharcanna léirscaoilte víosaí. Ag meabhrú di an sásra fionraíochta, spreagann an Chomhairle na húdaráis lena mbaineann a gcuid iarrachtaí a threisiú le dul i ngleic le fadhb shíoraí na n-iarratas ar thearmann atá go follasach gan údar, agus na hiarrachtaí chun an choireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac a threisiú.

10. Is bagairt fós don tslándáil san Aontas agus sa réigiún iomlán iad an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an choireacht eagraithe. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle roimhe seo, meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an comhar san **fhrithsceimhlitheoireacht** a neartú a thuilleadh leis an Tuirc agus leis na Balcáin Thiar, go háirithe i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, maoiniú na sceimhlitheoireachta, an radacú a chosc agus a chomhrac, seiceálacha treisithe teorann agus an gháinneáil neamhdhleathach ar airm thine agus airm éadroma. In ainneoin gur treisíodh an comhar oibríochtúil, tá iarrachtaí breise agus cuntas fónta teiste ag teastáil fós sa **chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe.** Ag meabhrú di tacaíocht an Aontais, go háirithe trí shásraí agus tionscnaimh um chomhar réigiúnach chomh maith leis an gcomhordú tríd an rialachas comhtháiteach i réimse na slándála inmheánaí, iarrann an Chomhairle arís ar chomhpháirtithe leanúint de dhlús a chur le bearta dlíthiúla agus oibríochtúla, agus dlús a chur lena bhforfheidhmiú, sna réimsí sin ar fad.

11. Molann an Chomhairle an Tuirc agus na Balcáin Thiar as a gcuid iarrachtaí agus as a gcomhar cuiditheach leanúnach i ndáil leis an **imirce**, a raibh torthaí soiléire orthu. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór leanúint den Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme agus de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe ar bhealach na mBalcán Thiar. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun acmhainn riaracháin agus forfheidhmithe a áirithiú agus chun dul i ngleic le dúshláin na himirce, lena n-áirítear smuigleáil imirceach a chomhrac. Meabhraíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais cur leis na torthaí a baineadh amach cheana féin, agus leanúint de thacaíocht airgeadais agus cúnamh teicniúil a thabhairt chun an comhar sa réimse sin a neartú, lena n-áirítear trí Shaoráid um Dhídeanaithe an Aontais sa Tuirc. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh an chaibidlíocht chun críche i ndáil le comhaontuithe stádais le cúig cinn de chomhpháirtithe an réigiúin, lena leomhtar an Garda Teorann agus Cósta Eorpach a imlonnú.

12. Leanann an Chomhairle de bhéim a leagan ar thábhacht na **cumarsáide straitéisí**, lena n-áirítear treisiú a dhéanamh ar theacht aniar na gcomhpháirtithe i leith na bréagaisnéise. Cuireann an Chomhairle i dtreis freagracht na gcomhpháirtithe ar fad na buntáistí agus na hoibleagáidí a bhaineann le méadú a chur in iúl go soiléir, chomh maith lena dtiomantas féin do luachanna an Aontais agus d'athchóirithe riachtanacha gaolmhara. Tá rannpháirtíocht leanúnach an Aontais agus a chuid Ballstát ríthábhachtach i gcónaí chun beartas cumarsáide straitéisí atá níos éifeachtaí a shaothrú i dtaca leis na comhpháirtithe agus le saoránaigh an Aontais araon, go háirithe trí Thascfhórsa StratCom na mBalcán Thiar.

13. Meabhraíonn an Chomhairle an **cúnamh substaintiúil leanúnach airgeadais agus teicniúil** ón Aontas do Phróiseas an Mhéadaithe agus don Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA). Ba cheart díriú go fóill ar phríomhréimsí tosaíochta agus comhsheasmhacht fheabhsaithe idir an cúnamh airgeadais agus an dul chun cinn foriomlán atá déanta agus na torthaí atá bainte amach ag na comhpháirtithe i ndáil leis an straitéis réamhaontachais a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle a seasamh arna leagan amach ina cur chuige ginearálta páirteach maidir le IPA III, ina n-áirítear na prionsabail chun idirdhealú a dhéanamh, ó thaobh cúnaimh de, de réir feidhmíochta agus cion cothrom.

14. Meabhraíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le **Clár Oibre Tosaíochtaí Shóifia** a chur i gcrích. Tugann sí dá haire tuarascáil an Choimisiúin ar chur chun feidhme **straitéis na mBalcán Thiar** agus chlár oibre tosaíochtaí Shóifia, is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta agus spreagann sí tuilleadh cur chun feidhme.

**<u>MÉADÚ</u>**

**MONTAINÉAGRÓ**

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an **dul chun cinn foriomlán** a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais le Montainéagró, agus 32 chaibidil as 35 oscailte, agus 3 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Tá obair thábhachtach déanta cheana féin i bhformhór na réimsí maidir le hailíniú leis an *acquis*. Mar sin féin, leis an gcreat institiúideach curtha i gcrích agus an creat dlíthiúil i bhfeidhm a bheag nó a mhór, is den ríthábhacht anois é go gcuirfear ar fáil, le córas foriomlán an smacht reachta, torthaí níos nithiúla agus cuntas teiste neartaithe agus inbhuanaithe. Cuireann an Chomhairle i bhfios go háirithe gur den ríthábhacht go fóill é dul chun cinn maidir leis an smacht reachta agus leis na caibidlí i ndáil le cearta bunúsacha, mar a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta, agus cinnfear leis luas foriomlán na caibidlíochta aontachais. Dá bhrí sin, ní mór do Mhontainéagró anois dlús agus athbheocht a chur lena hiarrachtaí athchóirithe ar bhealach níos réamhghníomhaí - go háirithe sna réimsí criticiúla sin de shaoirse na meán, an comhrac i gcoinne an éillithe agus gáinneáil ar dhaoine - chun na tagarmharcanna eatramhacha do chaibidlí 23 agus 24 a chomhlíonadh. Go dtí go gcomhlíontar na critéir a leagadh amach, ní bheidh an tAontas in ann na ceanglais maidir leis an smacht reachta a leagan amach mar thagarmharcanna deiridh a bheidh ar Mhontainéagró a chomhlíonadh sula ndúnfar na caibidlí sin.

16. Molann an Chomhairle go láidir do Mhontainéagró toil pholaitiúil shoiléir a thaispeáint agus iarrachtaí breise suntasacha a dhéanamh i ndáil leis **an gcomhrac i gcoinne an éillithe** agus **na coireachta eagraithe**, sciúradh airgid agus gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh éifeachtacha agus feabhas a chur ar urghabháil agus coigistiú sócmhainní coiriúla. Tá gá le freagairt stóinsithe an cheartais choiriúil ar an móréillitheacht. Iarrann an Chomhairle ar Mhontainéagró timpeallacht shábháilte a ráthú, a bheidh fabhrach i leith **na saoirse chun tuairimí a nochtadh** agus i leith neamhspleáchas na meán, lena n-áirítear trí dhlús a chur le hiarrachtaí chun ionsaithe i gcoinne iriseoirí a fhiosrú agus a réiteach mar ardtosaíocht. Is den ríthábhacht é go n-áirithítear neamhspleáchas an chraoltóra phoiblí náisiúnta agus go gcuirtear sásra féinrialála éifeachtach ar bun a chlúdaíonn na comhlachtaí meán go léir. Cuireann an Chomhairle i dtreis na hionchais atá aici i dtaca le tiomantas láidir polaitiúil agus fíor-rannpháirtíocht ag na hinstitiúidí agus na gníomhaithe uile ábhartha sna hiarrachtaí sin ar fad. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí chomh maith chun leanúint den **athchóiriú ar an riarachán poiblí**, agus chun acmhainneacht riaracháin agus neamhspleáchas na n-institiúidí a neartú, go háirithe i measc na mbreithiúna.

17. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil **athchóiriú toghchán** go fóill ríthábhachtach chun muinín as toghcháin a athbhunú, agus tá sí ag súil go nglacfaidh na páirtithe go léir freagracht as sin agus go nglacfaidh siad páirt arís in **idirphlé** cuiditheach cuimsitheach **polaitiúil sa pharlaimint**, lena n-áirítear in obair an choiste pharlaimintigh shealadaigh um athchóiriú ar reachtaíocht toghcháin agus reachtaíocht eile, agus é mar aidhm leis sin freisin próiseas aontachais na tíre a chur chun cinn.

18. I dtaobh **athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur lean an geilleagar ag méadú go tréan. I gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais, molann an Chomhairle do Mhontainéagró an fiachas rialtais ginearálta a laghdú, an rialachas fioscach a atreisiú, stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha atá fágtha a réiteach, an timpeallacht rialála a fheabhsú, straitéis chuimsitheach a cheapadh le haghaidh measúnú leanúnach agus laghdú an gheilleagair neamhfhoirmiúil, an creat reachtach nua um sholáthar poiblí a ghlacadh agus a chur chun feidhme, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus lamháltais, agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú.

19. Is cúis mhór sásaimh don Chomhairle an ról cuiditheach dearfach a imríonn Montainéagró i gcónaí chun **comhar réigiúnach** a fhorbairt a thuilleadh agus chun **an dea-chaidreamh comharsanachta** a chur chun cinn.

20. Leanann an Chomhairle de Mhontainéagró a thréaslú as a chomhar comhsheasmhach i leith saincheisteanna an bheartais eachtraigh agus go mór mór a ailíniú iomlán leanúnach le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach Mhontainéagró i misin agus in oibríochtaí faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

**AN tSEIRBIA**

21. Is díol sásaimh don Chomhairle an **dul chun cinn foriomlán** a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais, agus [16] chaibidil chaibidlíochta as 35 oscailte, agus 2 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Tá an tSeirbia ag leanúint den obair chun a cuid reachtaíochta a ailíniú leis an *acquis* i roinnt réimsí. Mar sin féin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil dul chun cinn maidir leis na caibidlí i ndáil leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha, chomh maithe le normalú chaidreamh na Seirbia leis an gCosaiv mar a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta iad, ríthábhachtach i gcónaí agus go gcinnfear leo sin luas foriomlán na caibidlíochta aontachais. Tá tábhacht bhunúsach le cur chun feidhme na dtagarmharcanna eatramhacha do chaibidlí 23 agus 24 agus ba cheart é leanúint de bheith ina threoir ar athchóirithe amach anseo as a dtiocfaidh cuntas teiste daingean.

22. Agus ceann á thógáil de sprioc straitéiseach na Seirbia lánpháirtiú na hEorpa a bhaint amach, spreagann an Chomhairle údaráis na Seirbia, **luachanna na hEorpa** a ghabháil orthu féin agus a chur chun cinn, agus meabhraítear di go gcaithfidh rialtas na Seirbia a bheith níos gníomhaí agus an méid sin a chur in iúl go neamhbhalbh sa díospóireacht phoiblí.

23. Gríosaíonn an Chomhairle don tSeirbia díriú isteach ar a cuid iarrachtaí athchóirithe agus dlús suntasach a chur leo, agus torthaí ábhartha nithiúla a bhaint amach i réimsí bunúsacha, ag díriú ar an **smacht reachta** go háirithe.

– Ní mór béim ar leith a leagan ar neamhspleáchas agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán **na mbreithiúna**, lena n-áirítear tríd an athchóiriú leanúnach bunreachta, agus ar chur chun feidhme éifeachtach an athchóirithe sa réimse sin. Caithfidh an tSeirbia torthaí inláimhsithe a bhaint amach agus cuntas teiste inbhuanaithe lena ngabhfaidh imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh éifeachtacha, go háirithe i ndáil leis an g**comhrac i gcoinne an éillithe, na coireacht eagraithe agus sciúradh airgid**.

– Is cúis mhór imní é i gcónaí an easpa dul chun cinn atá déanta i réimse na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia timpeallacht shábháilte a rathú a spreagfaidh feidhmiú chun saoirse tuairimí a nochtadh gan bhac agus neamhspleáchas na meán mar ábhar práinne, lena n-áirítear trí dhlús a chur le hiarrachtaí chun ionsaithe i gcoinne iriseoirí a fhiosrú. Cé go dtugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta maidir leis an straitéis do na meáin a ullmhú, iarrann sí ar an tSeirbia í a ghlacadh, agus a chur chun feidhme go héifeachtach, ar bhealach trédhearcach cuimsitheach mar ábhar tosaíochta.

– Ní mór don tSeirbia leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar na **cearta bunúsacha** a urramú go hiomlán, lena n-áirítear na grúpaí is leochailí a chosaint, agus ar a bheith ag caitheamh go neamh-idirdhealaitheach le mionlaigh náisiúnta ar fud na Seirbia, go hairithe i réimsí an oideachais, úsáid teangacha mionlaigh, rochtain ar sheirbhísí meán agus reiligiúnacha sna teangacha mionlaigh. Tá tábhacht go fóill le feidhmiú cuí na gComhairlí um Mionlaigh Náisiúnta. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar chásanna fuathchainte, ar imeaglú agus ar ionsaithe go pras agus go daingean. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-iarrann sí go gcuirfear na doiciméid straitéiseacha ábhartha chun feidhme go héifeachtach.

– Ina theannta sin, ní mór trédhearcacht, cáilíocht na reachtóireachta, cuimsitheacht agus fíor**dhíospóireacht traspháirtí** a fheabhsú, go háirithe trí thimpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta a chur chun cinn. Tá géarghá fós le tuilleadh dul chun cinn i ndáil le feidhmiú ceart comhlachtaí neamhspleácha agus institiúidí daonlathacha, lena n-áirítear maoirseacht pharlaiminteach.

– Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne breathnóirí idirnáisiúnta **toghchán** mar ábhar tosaíochta, agus sula mbeidh na chéad toghcháin eile ar an bacáin.

– Leanann an Chomhairle de bhéim a chur ar an ngá le leanúint de chásanna de **choireanna cogaidh** a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta agus lánchomhar a thabhairt don Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla, lena n-áirítear trí ghlacadh go hiomlán le rialuithe agus cinntí an tSásra agus trína gcur chun feidhme ina n-iomláine. Ba cheart cosc a chur ar ghlóiriú de chineál ar bith a dhéanfaí ar choirpigh chogaidh.

24. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire freisin, agus is díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta. I gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais, molann an Chomhairle don tSeirbia leanúint dá hiarrachtaí borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás fadtéarmach cuimsitheach trí athchóirithe struchtúrtha, go háirithe in earnáil an fhuinnimh agus sa mhargadh saothair, agus trí thrédhearcacht agus intuarthacht a fheabhsú sa timpeallacht rialála. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don tSeirbia a beartas trádála agus fuinnimh a ailíniú le *acquis* an Aontais, go háirithe maidir leis an margadh gáis agus maidir le tionscadal Gastrans.

25. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcaithfidh an tSeirbia a gealltanas a chomhlíonadh agus ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais** i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta agus an treocht dhiúltach a aisiompú mar ábhar tosaíochta.

26. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na Seirbia i misin agus in oibríochtaí faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

27. Iarrann an Chomhairle an athuair ar an tSeirbia ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **Comhbheartas Víosa an Aontais** agus gan imeacht uaidh tuilleadh.

28. Maidir leis **an Idirphlé le Pristine, arna éascú ag an Aontas**, ní mór do Bhéalgrád tuilleadh iarrachtaí substaintiúla a dhéanamh agus rannchuidiú le timpeallacht fhabhrach a bhunú, chomh maith le staonadh ó aon ghníomh a d'fhéadfaí a mheas mar bhriogadh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach inbhuanaithe atá cúrsaí mar atá siad faoi láthair. Tá sé fíor-riachtanach go gcuirfear tús an athuair leis an Idirphlé a luaithe agus is féidir. Chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach atá ceangailteach ó thaobh dlí de, caithfear aghaidh a thabhairt ar gach saincheist atá fós gan réiteach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais agus cur leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sé thar a bheith tábhachtach an comhaontú sin a thabhairt i gcrích gan a thuilleadh moille, agus an tArdionadaí á éascú, chun go bhféadfaidh an tSeirbia agus an Chosaiv dul ar aghaidh ar a gconairí Eorpacha faoi seach.

Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá gach comhaontú, a tugadh i gcrích san am a chuaigh thart faoin Idirphlé a d'éascaigh an tAontas, a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle, maidir leis sin, comhdhlúthú tuilleadh an chomhaontaithe Ceartais agus cur chun feidhme iomlán an chomhaontaithe teileachumarsáide.

Is oth leis an gComhairle, áfach, nach bhfuil aon dul chun cinn déanta maidir leis an ngealltanas seanbhunaithe comhaontuithe Idirphlé ar thángthas orthu san am a chuaigh thart a chur chun feidhme, lena n-áirítear dréachtreacht Chomhlachas/Chomhphobal bhardais na dtromlach Seirbiach sa Chosaiv a ullmhú, an comhaontú maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha (IBM) a chur chun feidhme ina iomláine, mar aon leis an gcomhaontú fuinnimh a chur chun feidhme go cinntitheach. Is oth leis an gComhairle freisin nár osclaíodh Droichead Mitrovica don trácht iomlán go fóill, cé gur tugadh na hoibreacha athchóirithe i gcrích.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach na Seirbia i roinnt tionscnamh **comhair réigiúnaigh** agus molann sí don tSeirbia leanúint leis na hiarrachtaí leanúnacha chun an **dea-chaidreamh comharsanachta** a neartú.

**AN TUIRC**

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí a mheasann sí atá caidreamh an Aontais leis an Tuirc, príomh-chomhpháirtí léi. Tá sí tiomanta i gcónaí d'idirphlé oscailte, neamhbhalbh a chothabháil, d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus don chomhar i réimsí ríthábhachtacha comhleasa amhail an imirce, an fhrithsceimhlitheoireacht, an geilleagar agus an trádáil. Ba dheis é an cruinniú a bhí ag an gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc i mí an Mhárta 2019, tar éis 4 bliana, chun machnamh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc.

31. Molann an Chomhairle an Tuirc as na hiarrachtaí suntasacha leanúnacha atá déanta aici beagnach 4 mhilliún dídeanaí a óstáil agus aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas. Tá cur chun feidhme leanúnach an **Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc**, a laghdaíonn trasnuithe neamhrialta agus contúirteacha agus a shábhálann beatha daoine sa Mhuir Aeigéach, ar leas an dá thaobh agus tá sé fós ríthábhachtach chun go gcuirfear stop leis an imirce neamhrialta. Is tosaíocht i gcónaí é bainistiú treisithe ar na teorainneacha comhchoiteanna leis an Aontas Eorpach. Go dtí go gcuirfear an comhaontú um athligean isteach idir an tAontas agus an Tuirc chun feidhme *vis-à-vis* gach Ballstát, ba cheart comhaontuithe déthaobhacha um athligean isteach agus forálacha i gcomhaontuithe agus socruithe comhchosúla le Ballstáit an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach leordhóthanach. Is den tábhacht i gcónaí é go mbeadh comhar ann i réimse an cheartais agus gnóthaí baile le Ballstáit uile an Aontais.

32. Agus na conclúidí uaithi ó mhí Iúil 2016 á meabhrú den Chomhairle, inar cáineadh an iarracht ar coup ar an 15 Iúil go láidir agus inar léiríodh dlúthpháirtíocht le muintir na Tuirce agus tacaíocht iomlán d'institiúidí daonlathacha na Tuirce, tá a himní mór á chur in iúl ag an gComhairle, arís agus arís eile, maidir le scála agus raon feidhme díréireach na mbeart a ghlac na húdaráis ina dhiaidh sin. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di go bhfuil roinnt de na bearta sin fós i bhfeidhm cé gur cuireadh deireadh leis an staid éigeandála. Meabhraíonn an Chomhairle di na caighdeáin agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta a ghlac an Tuirc di féin agus a ghabh sí uirthi féin. Iarrann sí an athuair ar an Tuirc na treochtaí diúltacha uile sin a aisiompú go práinneach.

33. Is cúis mhór imní don Chomhairle an cúlú leanúnach, imníoch ó thaobh an **smacht reachta** agus **cearta bunúsacha,** lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Ní féidir glacadh leis an meath leanúnach ar neamhspleáchas agus ar fheidhmiú na mbreithiúna, ná le srian, coinneáil, príosúnacht agus bearta eile atá ar bun go leanúnach agus atá dírithe ar iriseoirí, ar lucht léinn, ar chomhaltaí páirtithe polaitiúla lena n-áirítear comhaltaí parlaiminte, ar chosantóirí chearta an duine, ar úsáideoirí na meán sóisialta agus ar ghrúpaí eile agus a gcearta agus saoirsí bunúsacha á bhfeidhmiú acu. Is ábhar mór imní iad imeachtaí breithiúnacha a tionscnaíodh le déanaí atá dírithe ar ghníomhaíochtaí dlisteanacha dlíthiúla atá ar bun ag comhaltaí de chuid eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ní mór don Tuirc aghaidh a thabhairt go práinneach agus go héifeachtúil ar na forbairtí diúltacha sin agus ar go leor easnaimh thromchúiseacha eile agus ar na saincheisteanna gan réiteach a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún. Tugann an Chomhairle dá haire freisin, agus is díol sásaimh di go bhfuil an grúpa gníomhaíochta athchóirithe á ath-thionól agus tugann sí dá haire gur glacadh an Straitéis um Athchóiriú Ceartais, agus is gá don Tuirc beart leantach a dhéanamh agus céimeanna cinnte nithiúla a thabhairt chun a gealltanas a chur chun feidhme agus chun torthaí soiléire, nithiúla a chur ar fáil. Ba cheart don Tuirc dlús a chur lena comhar le Comhairle na hEorpa agus lena comhlachtaí agus institiúidí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar a príomh-mholtaí agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Meabhraítear don Chomhairle go ndearna Coimisiún na Veinéise measúnú criticiúil ar na leasuithe is déanaí ar Bhunreacht na Tuirce, lena mbunaíodh an córas uachtaránachta nua, agus gur baineadh roinnt mhaith seiceálacha agus cothromaíochtaí, rud a chuir scaradh na gcumhachtaí i mbaol. Meabhraítear don Chomhairle a ríthábhachtaí atá saor**thoghcháin** chóra thrédhearcacha. Cé gur díol sásaimh di gur tháinig go leor daoine amach chun vótáil ag na toghcháin bhardasacha i mí an Mhárta 2019, cuireann sí in iúl freisin an imní mhór atá uirthi faoi dhlíthiúlacht agus iomláine an phróisis toghcháin a urramú, go háirithe i gcomhthéacs cinntí a rinne an Chomhairle Toghcháin le déanaí.

34. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire an laghdú leanúnach ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus an imní mhór atá ann faoi fheidhmiú gheilleagar margaidh na tíre. I gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais, iarrann an Chomhairle ar an Tuirc an trédhearcacht agus an chreidiúnacht fhioscach a mhéadú, dul i ngleic leis na bearta a chuireann bac ar shaorshreabhadh caipitil eachtraigh, tionchar an stáit ar shocrú praghsanna a laghdú agus an timpeallacht ghnó a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear tríd an smacht reachta a neartú. Ba cheart bacainní trádála nó a choibhéis nach bhfuil i gcomhréir le hAontas Custaim AE-na Tuirce, lena n-áirítear i soláthar poiblí, a bhaint.

35. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas aonchiallach i ndáil leis an **dea-chaidreamh comharsanachta**, comhaontuithe idirnáisiúnta agus réiteach síochánta díospóidí, agus dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta más gá. Meabhraítear agus athdhearbhaítear don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach a eisíodh roimhe seo, lena n-áirítear na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2018 inar cáineadh go láidir gníomhaíochtaí leanúnacha neamhdhleathacha na Tuirce in Oirthear na Meánmhara agus sa Mhuir Aeigéach. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur mór an t-údar imní di an druileáil neamhdhleathach atá ar bun ag an Tuirc sa Mheánmhuir Thoir. Is mór is saoth léi gan freagairt tugtha fós ag an Tuirc ar an achainí atá déanta ag an Aontas Eorpach arís agus arís eile uirthi éirí as na gníomhaíochtaí sin. Cuireann an Chomhairle i dtreis an iarmhairt thromchúiseach dhiúltach atá ag na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sin i láthair na huaire ar gach cuid den chaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc guaim a choinneáil uirthi féin, cearta ceannasacha na Cipire a urramú, agus staonadh ó aon ghníomh den sórt sin. Déanfaidh an tAontas faireachán géar ar fhorbairtí agus tá sí réidh chun freagairt iomchuí a thabhairt i lán-dlúthpháirtíocht leis an gCipir. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí féidearthachtaí a thíolacadh gan mhoill le haghaidh na mbeart iomchuí.

Ina theannta sin, mar a luadh sna conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2006 agus an 26 Meitheamh 2018, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach ina dhiaidh sin, mar aon le Dearbhú an 21 Meán Fómhair 2005, iarrann an Chomhairle ar an Tuirc a hoibleagáidí faoin gCreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an phrótacail bhreise a ghabhann leis an gcomhaontú comhlachais i leith gach uile Ballstát. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur den bhunriachtanas é aitheantas na mBallstát ar fad. Ní mór don Tuirc bagairtí agus gníomhaíochtaí a dhéanfadh dochar don dea-chaidreamh comharsanachta a sheachaint, a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht gach Ballstáit de chuid an Aontais ar a bhfarraigí críochacha agus ar a n-aerspás a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, lena n-áirítear *inter alia* an ceart chun a n-acmhainní nádúrtha a iniúchadh agus a shaothrú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear UNCLOS. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire. Maidir leis sin, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí go bhfuil an Tuirc tiomanta don réiteach sin agus go rannchuidíonn sí leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis, laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe i gcomhréir leis na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe agus leis an *acquis*.

36. Iarrann an Chomhairle athuair ar an Tuirc ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais** agus an treocht mharthanach dhiúltach a aisiompú mar ábhar tosaíochta agus meabhraíonn sí an seasamh maidir le haontachas Ballstát le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

37. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Tuirc ag leanúint de bheith ag bogadh níos faide ar shiúl ón Aontas Eorpach. Ag meabhrú di conclúidí an 26 Meitheamh 2018, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil deireadh tagtha, a mhórán nó a bheagán, le caibidlíocht aontachais na Tuirce agus nach féidir a bheith ag smaoineamh ar aon chaibidlí eile den phróiseas sin a oscailt ná a chlabhsúr; níl aon obair eile á beartú faoi láthair maidir le nuachóiriú an Aontais Custaim idir an tAontas agus an Tuirc ach oiread.

## AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

### POBLACHT NA MACADÓINE THUAIDH

38. Ag athdhearbhú di na conclúidí uaithi ón 26 Meitheamh 2018, is mór an díol sásaimh don Chomhairle Comhaontú Prespa agus an Conradh um dhea-chaidreamh comharsanachta leis an mBulgáir (conradh stairiúil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo), agus tugann sí aird faoi leith ar an moladh ón gCoimisiún tús a chur le hidirbheartaíocht aontachais leis Poblacht na Macadóine Thuaidh, bunaithe ar an measúnú dearfach ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn agus bunaithe ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a shainaithin an Chomhairle. Ó tharla an t-am a bheith gann agus a thábhachtaí atá an scéal, fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist seo féachaint le teacht ar chinneadh soiléir substainteach a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná Deireadh Fómhair 2019.

### AN ALBÁIN

39. Ag athdhearbhú di na conclúidí uaithi ón 26 Meitheamh 2018, tugann an Chomhairle aird faoi leith ar an moladh ón gCoimisiún tús a chur le hidirbheartaíocht aontachais leis an Albáin, bunaithe ar an measúnú dearfach ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn agus bunaithe ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a shainaithin an Chomhairle. Ó tharla an t-am a bheith gann agus a thábhachtaí atá an scéal, fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist seo féachaint le teacht ar chinneadh soiléir substainteach a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná Deireadh Fómhair 2019.

## AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

40. Tugann an Chomhairle dá haire an **tuairim ón gCoimisiún** maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach. Leanfaidh an Chomhairle den doiciméad a scrúdú go grinn agus fillfidh sí ar an ábhar níos déanaí sa bhliain. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint de rialtas a chur le chéile gan a thuilleadh moille, chun na hathchóirithe riachtanacha a dhéanamh. Níor cheart polaitíocht pháirtí agus easpa toilteanas teacht ar chomhréiteach bac a chur ar aidhmeanna dlisteanacha shaoránaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine bogadh i dtreo an Aontais Eorpaigh.

## AN CHOSAIV

41. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an athuair a thábhachtaí atá sé go leanfaí den **Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) leis an gCosaiv a chur chun feidhme**. Is comhaontú Aontais-amháin é seo, atá gan dochar do sheasaimh na mBallstát maidir le stádas, agus cuirtear an creat conartha idir an tAontas agus an Chosaiv ar fáil leis. Tugann sé deis don Chosaiv dul chun cinn inbhuanaithe agus *rapprochement* a dhéanamh leis an Aontas, i gcomhréir le peirspictíocht Eorpach an réigiúin, agus cruthaíonn sé deiseanna trádála agus infheistíochta. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Athchóiriú a chur chun feidhme agus d'iarr sí go gcuirfí chun feidhme go beo na bearta sin nach ndearnadh fós. Iarann sí ar na gníomhaithe polaitiúla uile an bhéim a chur an athuair ar na hathchóirithe agus clár oibre Eorpach na Cosaive a chur chun cinn chun tairbhe na ndaoine.

42. Is mór an díol trua don Chomhairle na cinntí a rinne an rialtas méadú aontaobhach suas le 100% a chur le taraife ar allmhairí ón tSeirbia agus ón Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i mí na Samhna 2018, de shárú ar oibleagáidí Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA) agus ar bhrí CCC, mar aon le bacainní neamhtharaife a fhorchur. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go mbaineann na cinntí sin an bonn den chomhar réigiúnach, lena n-áirítear an Limistéar Réigiúnach Eacnamaíoch, agus nach mór dóibh a chúlghairm láithreach.

43. Is díol sásaimh don Chomhairle glacadh na ndlíthe tábhachtacha i réimse **an smachta reachta** agus **athchóiriú an riaracháin phoiblí** agus tathantaíonn sí ar an gCosaiv an reachtaíocht sin a chur chun feidhme go héifeachtach.

44. Ní mór aghaidh a thabhairt ar **an éilliú** agus ar **an gcoireacht eagraithe**. Tá an Chomhairle fós imníoch faoin gcur isteach polaitiúil agus faoi earcaíocht nach bhfuil bunaithe ar fhiúntas agus is oth léi gur ceapadh daoine a ciontaíodh as coireanna cogaidh chun poist oifigiúla atá contrártha le luachanna na hEorpa.

45. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar laigí atá ann le fada **sa phróiseas toghcháin** sa Chosaiv, faoi threoir na moltaí a rinneadh mar thoradh ar mhisin bhreathnóireachta toghchán atá déanta ag an Aontas roimhe seo. Chonacthas, sna toghcháin mhéarachta urghnácha a reáchtáladh an 19 Bealtaine 2019 go bhfuil easnaimh fós ann, gníomhaíochtaí réamhthoghcháin ina measc, a chuir teorainn leis an deis do rannpháirtíocht iomlán daonlathach sna toghcháin.

46. Tugann an Chomhairle dá haire agus is ábhar imní di, go bhfuil, ar an iomlán, dúshláin faoi leith fós ag baint le tuaisceart na Cosaive i réimsí na coireachta eagraithe, an éillithe agus na saoirse chun tuairimí a nochtadh.

47. Ní mór cur chun cinn agus cosaint éifeachtach **chearta an duine** ar fud na Cosaive a threisiú, lena n-áirítear cosaint iomlán ar an oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar lánpháirtiú agus cosaint Romach agus daoine ar de mhionlaigh iad, agus iarrachtaí breise a áireamh chun an creat dlíthiúil reatha a chur chun feidhme agus timpeallacht shábháilte a áirithiú, agus chun cearta maoine na ndaoine sin a choimirciú, agus ba cheart an comhtháthú sóisialta a neartú.

48. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh tuilleadh dul chun cinn **sa chomhrac i gcoinne an radacaithe, an antoisceachais agus na sceimhlitheoireachta**. Tá níos mó iarrachtaí de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, agus ar athshlánú agus ath-lánpháirtiú. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim go háirithe ar an ngá atá le dlúthchomhar réigiúnach agus idirnáisiúnta éifeachtach, lena n-áirítear le Europol agus le Eurojust, agus lánurraim ar a gcuid rialachán agus gan dochar do sheasamh na mBallstát i ndáil le stádas.

49. I gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais, iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv na bearta is gá a dhéanamh chun cloí leis na rialacha fioscacha, chun cur leis na hiarrachtaí an geilleagar neamhfhoirmiúil a chomhrac, chun aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht ard ar bhealach gníomhach, go háirithe dífhostaíocht i measc na n-óg agus na mban, chun níos mó infheistíochta a dhéanamh san oideachas, agus chun poitéinsil inathnuaite agus spárála fuinnimh a shaothrú.

50. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCosaiv leanúint dá tiomantas do na Dlísheomraí Speisialaithe, i gcomhréir iomlán lena hoibleagáidí idirnáisiúnta agus lena dlíchóras féin, agus mar bhealach chun a thaispeáint go bhfuil iarrachtaí dáiríre á ndéanamh leis an smacht reachta, na saoirsí bunúsacha, an ceartas agus an t-athmhuintearas a ráthú. A bhuí leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, is féidir gach coir chogaidh a líomhnaítear a fhiosrú agus a ionchúiseamh ar bhealach cuí.

51. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCosaiv leanúint den dlúthchomhar éifeachtach le EULEX. Go háirithe, tá an Chomhairle ag súil go ndéanfar an obair leantach chuí ar na cásanna coiriúla/sibhialta a thugann EULEX do na húdaráis inniúla bhreithiúnacha i gCosaiv.

52. Maidir leis **an Idirphlé le Béalgrád, arna éascú ag an Aontas**, ní mór do Phristine tuilleadh iarrachtaí substaintiúla a dhéanamh agus rannchuidiú le timpeallacht fhabhrach a bhunú, chomh maith le staonadh ó aon ghníomh a d'fhéadfaí a mheas mar bhriogadh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach inbhuanaithe atá cúrsaí mar atá siad faoi láthair. Tá sé fíor-riachtanach go gcuirfear tús an athuair leis an Idirphlé a luaithe agus is féidir. Chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach atá ceangailteach ó thaobh dlí de, caithfear aghaidh a thabhairt ar gach saincheist atá fós gan réiteach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais agus cur leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sé thar a bheith tábhachtach comhaontú den chineál sin a thabhairt i gcrích gan a thuilleadh moille, agus an tArdionadaí á éascú, chun go bhféadfaidh an Chosaiv agus an tSeirbia dul ar aghaidh ar a gconairí Eorpacha faoi seach.

Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá gach comhaontú a tugadh i gcrích san am a chuaigh thart faoin Idirphlé a d'éascaigh an tAontas a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle, maidir leis sin, comhdhlúthú tuilleadh an chomhaontaithe Ceartais agus cur chun feidhme iomlán an chomhaontaithe teileachumarsáide.

Is oth leis an gComhairle, áfach, nach bhfuil aon dul chun cinn déanta maidir leis an ngealltanas seanbhunaithe comhaontuithe Idirphlé ar thángthas orthu san am a chuaigh thart a chur chun feidhme, lena n-áirítear dréachtreacht Chomhlachas/Chomhphobal bhardais na dtromlach Seirbiach sa Chosaiv a ullmhú, an comhaontú maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha (IBM) a chur chun feidhme ina iomláine, mar aon leis an gcomhaontú fuinnimh a chur chun feidhme go cinntitheach. Is oth leis an gComhairle freisin nár osclaíodh Droichead Mitrovica don trácht iomlán go fóill, cé gur tugadh na hoibreacha athchóirithe i gcrích.

53. Meabhraíonn an Chomhairle gur bunphrionsabal é sa CCC go ndéanfaí an caidreamh leis an tSeirbia a normalú agus go bhfuil sé sin mar bhonn agus thaca maidir le caidreamh agus comhar a fhorbairt idir an tAontas agus an Chosaiv.

54. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá **léirscaoileadh víosaí** do shaoránaigh na Cosaive. Thíolaic an Coimisiún togra foirmiúil i mí Bealtaine 2016 an Chosaiv a aistriú go liosta Schengen de na tíortha nach mbaineann ceanglas víosa leo agus chuir sé tuarascáil i láthair i mí Iúil 2018 maidir le comhlíonadh na dtagarmharcanna a bhí fós ann. I mí Márta 2019, thacaigh Parlaimint na hEorpa leis an togra ón gCoimisiún ar an gcéad léamh. Tá an cinneadh maidir leis an togra á bhreithniú sa Chomhairle faoi láthair.